Ceisteanna Coitianta do scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta:

1. Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna a léiríonn spéis sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta in 2018?

Gheofar in **Aguisín C** de Chiorclán 0021/2018 i gcás na mbunscoileanna agus in **Aguisín D** de Chiorclán 0022/2018 i gcás na n-iar-bhunscoileanna an clár tacaíochtaí do scoileanna Gaeltachta ar mian leo spéis a léiriú ina bheith páirteach sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta i scoilbhliain 2018/19.

2. An mbeidh príomhoidí bunscoile atá páirteach den chéad uair sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta i 2018/19 in ann leas a bhaint as an scaoileadh laethanta do chuspóirí pleanála atá luaite i gCiorclán 0033/2017?

D'fhonn tacú le príomhoidí bunscoile atá ag glacadh páirt sa *Scéim* don chéad uair i 2018/2019, cuirfear scaoileadh breise dhá lá, mar aon le clúdach ionadaíochta, ar fáil do phríomhoidí teagaisc ó **Mheán Fómhair go Nollaig 2018.** Ní mór do bhunscoileanna an scaoileadh laethanta breise seo a úsáid sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2018 d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas pleanála gníomhaíochta atá nasctha leis na critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta, mar atá leagtha amach in Alt 3.2 d'Imlitir 0033/2017

I gcás bunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, ina bhfuil príomhoidí riaracháin, cuirfear scaoileadh breise dhá lá, mar aon le clúdach ionadaíochta, ar fáil **ó Mheán Fómhair go Nollaig 2018** do bhall amháin den fhoireann teagaisc chun tacú leis an bpríomhoide riaracháin ina bpróisis pleanála gníomhaíochta.

3. Cén chaoi ar chóir do phríomhoide atá ag glacadh scaoileadh laethanta faoi théarmaí Imlitir 0033/2017 an scaoileadh laethanta sin a chlárú?

Ba chóir do phríomhoidí an scaoileadh laethanta atá ar fáil faoin Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta a chlárú ar an OLCS ar an ngnáthbhealach. Má bhíonn aon deacracht ag an scoil ag fáil na n-uaireanta seo, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn.

I gcás scaoileadh laethanta do mhúinteoirí i scoileanna ina bhfuil príomhoide riaracháin, taifeadfar neamhláithreacht múinteora faoi mar a dhéantar i gcás neamhláithreacht chun freastal ar sheimineáir Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (Féach Ceist 5 thíos).

4. Cén chaoi ar féidir leis an iar-bhunscoil agamsa teacht ar na huaireanta an chloig breise faoin Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta?

Tá na huaireanta breise a bhaineann leis an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta curtha leis an leithdháileadh d'uaireanta don iar-bhunscoil agus is féidir teacht orthu ar an ngnáthbhealach.

5. Conas a chuireann scoileanna isteach ar chlúdach do neamhláithreachtaí agus múinteoirí ionaid ar an OLCS maidir leis an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta?

Is féidir gach neamhláithreacht ag leibhéal na scoile i gcás múinteoirí atá ag freastal ar sheimineáir agus cnuas-cheardlanna leantacha agus neamhláithreacht in áit scaoileadh laethanta na bpríomhoidí riaracháin faoin Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta a chlárú faoin mórchatagóir Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/Imeachtaí Gairmiúla agus faoin bhfochatagóir CNCM (NCCA).

Uaireanta tacaíochta teanga páirtaimseartha breise do bhunscoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta (Ciorclán 0021/2018)

6. An féidir le dhá scoil Ghaeltachta nó níos mó braisle a dhéanamh dá gcuid uaireanta tacaíochta Gaeilge (Ciorclán 0021/2018) chun post sealadach comhroinnte (25 uair an chloig) a chruthú?

Is féidir. Ba cheart do scoileanna na mionsonraí go léir faoin mbraisle bheartaithe a sheoladh chuig an Aonad Oideachais Gaeltachta ar fhoirm iarratais chomhlánaithe. Tá an fhoirm iarratais seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas https://www.education.ie/ga/An-C%C3%B3ras-Oideachais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022/foirm-cnuasach-scoileanna-uaireanta-tacaiochta-gaeilge-2018.pdf

7. An ndéanfar poist shealadacha a eascraíonn as braisle a dhéanamh de na huaireanta tacaíochta Gaeilge páirtaimseartha a leithdháiltear ar dhá scoil nó níos mó atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta a líonadh ón bpainéal?

Ba cheart na poist shealadacha a eascraíonn as braisle a dhéanamh d'uaireanta tacaíochta Gaeilge páirtaimseartha a líonadh i gcomhréir le socruithe athlonnaithe na Roinne.

8. Cé is féidir leo na huaireanta tacaíochta Gaeilge breise a sholáthar (Ciorclán 0021/2018)?

Ní mór gurb iad múinteoirí cáilithe a sholáthraíonn na huaireanta tacaíochta Gaeilge breise a leithdháiltear ar scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta.

9. An féidir le múinteoir atá fostaithe faoi láthair mar mhúinteoir ranga na huaireanta tacaíochta teanga breise a sholáthar mar shocrú braisle ar feadh bliana agus go dtabharfar dualgais seomra ranga don mhúinteoir sealadach don tréimhse chéanna?

Is féidir, ar an gcoinníoll go mbeidh cead ó na scoileanna eile atá páirteach sa bhraisle faighte ag an bpríomhoide atá ag smaoineamh ar an gcur chuige sin. Ní mór don scoil bheith ábalta an cead sin a thaispeáint don Roinn.